CINNEADH (CBES) 2020/903 ÓN gCOMHAIRLE

an 29 Meitheamh 2020

lena leasaítear Cinneadh 2013/233/CBES maidir le Misean Cúnaimh an Aontais Eorpaigh um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha sa Libia (EUBAM Libya)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 42(4) agus Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 22 Bealtaine 2013, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2013/233/CBES ([1]), lenar bunaíodh Misean Cúnaimh an Aontais Eorpaigh um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha sa Libia (EUBAM Libya).

(2) An 17 Nollaig 2018, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2018/2009 ([2]), a chuir síneadh le sainordú EUBAM Libya go dtí an 30 Meitheamh 2020.

(3) An 16 Aibreán 2020, chomhaontaigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála ("CPS") gur cheart, i ngeall ar phaindéim COVID-19, síneadh bliain amháin a chur le EUBAM Libya leis an sainordú céanna, a fhéadfar a athbhreithniú nuair is féidir sin a dhéanamh de réir na n-imthosca.

(4) An 14 Bealtaine 2020, chomhaontaigh CPS, ina theannta sin, go mba cheart do Vincenzo TAGLIAFERRI, a ceapadh ina Cheann Misin an 30 Lúnasa 2016 le Cinneadh (CBES) 2016/1634 ([3]) ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála , agus ar cuireadh síneadh lena shainordú go rialta, agus le deireanas go dtí an 30 Meitheamh 2020 le Cinneadh (CBES) 2019/2077 ([4]) ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála , go mba cheart dó leanúint den fheidhm sin a chomhlíonadh go dtí an 30 Meán Fómhair 2020.

(5) Ba cheart Cinneadh 2013/233/CBES a leasú dá réir.

(6) Cuirfear EUBAM Libya i gcrích i gcomhthéacs staid a d'fhéadfadh dul in olcas agus a d'fhéadfadh bac a chur ar bhaint amach chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais mar a leagtar amach iad in Airteagal 21 den Chonradh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear leis seo Cinneadh 2013/233/CBES mar a leanas:

(1) in Airteagal 6, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

"8. Beidh Vincenzo TAGLIAFERRI ina Cheann Misin don tréimhse ón 1 Iúil 2020 go dtí an 30 Meán Fómhair 2020.".

(2) in Airteagal 13(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an séú fomhír:

"Is é EUR 60 038 863,03 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais a bheartaítear chun caiteachas EUBAM Libya a chumhdach ón 1 Eanáir 2019 go dtí an 30 Meitheamh 2021.".

(3) in Airteagal 16, cuirtear an mhír seo a leanas in ionad an dara mír:

"Beidh feidhm aige go dtí an 30 Meitheamh 2021.".

([1]) Cinneadh 2013/233/CBES ón gComhairle an 22 Bealtaine 2013 maidir le Misean Cúnaimh an Aontais Eorpaigh um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha sa Libia (EUBAM Libya) (IO L 138, 24.5.2013, lch. 15).

([2]) Cinneadh (CBES) 2018/2009 ón gComhairle an 17 Nollaig 2018 lena leasaítear agus lena gcuirtear síneadh le Cinneadh 2013/233/CBES maidir le Misean Cúnaimh an Aontais Eorpaigh um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha sa Libia (EUBAM Libya) (IO L 322, 18.12.2018, lch. 25).

([3]) Cinneadh ón gCoiste Pholaitiúil agus Slándála (CBES) 2016/1634 an 30 Lúnasa 2016 maidir le ceapadh Cheann Mhisin Misean Cúnaimh an Aontais Eorpaigh um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha sa Libia (EUBAM Libya) (EUBAM Libya/1/2016) (IO L 243, 10.9.2016, lch. 10).

([4]) Cinneadh (CBES) 2019/2077 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 28 Samhain 2019 lena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann Mhisin do Mhisean Cúnaimh an Aontais Eorpaigh um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha sa Libia (EUBAM Libya) (EUBAM Libya/1/2019) (IO L 316, 6.12.2019, lch. 32).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 29 Meitheamh 2020.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
A. METELKO-ZGOMBIĆ